

Treoir do  
THITHE AN RIALTAIS

A Guide To  
GOVERNMENT BUILDINGS



# FÁILTE GO TITHE AN RIALTAIS

Ba mhaith liom céad míle fáilte a chur romhaibh go Tithe an Rialtais, foirgneamh a bhfuil cáil air i gcathair Bhaile Átha Cliath agus Iárionad Rialtas na hÉireann. Is sampla sonrach é an foirgneamh seo den ailtireacht phoiblí ó thréimhse luath an 20ú céad, agus tá sé curtha in oiriúint go hálainn don Roinn seo ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Tá súil agam go gcuirfidh an treoir seo le do chuairt, go háirithe trí aird a tharraingt ar an obair a rinne oibrithe ceirde na hÉireann.



Is i dTithe an Rialtais atá Roinn an Taoisigh lonnaithe mar aon le Seomra na Comhairle (áit a thionóltar cruinnithe an Rialtais), an Roinn Airgeadais agus Oifig an Ard-Aighne.

Tógadh an foirgneamh idir 1904 agus 1922 agus bhí Oifigí an Rialtais agus an Coláiste Ríoga Eolaíochta ann. Bhí an Coláiste lonnaithe sa bhloc breá sa lár. Léirítear an fheidhm a bhí ag an gcuid seo den fhoirgneamh i ndealbh den mhatamaiticeoir William Rowan Hamilton agus den eolaí Richard Boyle atá ar dhá thaobh an bhealaigh isteach. Ba iad na haitirí a bhí i gceist ná Sir Aston Webb ó Londain (a dhear Admiralty Arch i gCearnóg Trafalgar i Londain chomh maith) agus Sir Thomas Manley Dean, Corcaíoch ar dhuine de chlann mhór ailtireachta na hÉireann é.

Tá an foirgneamh tógtha i stíl ardnósach Bharócach ó ré an Rí Éadbhaird. Tá aghaidh an fhoirgnimh déanta as eibhear garbh a tháinig ó Chairéil Bhaile Cnoicín gar do Bhaile Coimín i gCo. Chill Mhantáin, agus as cloch mhín gheal Portland ó Dheisceart Shasana.

Maidir leis an taobh istigh de, bhí an foirgneamh seo ar cheann de na foirgnimh ba nua-aimseartha ag an am sin. Ba as coinchréit a bhí na hurláir déanta agus bhí pábháil de leaca marmair curtha sna dorchaí.

Tugadh an Coláiste isteach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath i 1926. I 1989, d'fhág UCD an t-áitreabh. Idir Eanáir agus Nollaig 1991, d'athchóirigh ailtirí Oifigí na nOibreacha Poiblí an foirgneamh chun áit a ullmhú do Roinn an Taoisigh a bhíodh suite i dtaobhfhoirgneamh roimhe sin.



## STAIGHRE SEARMANACH

Cruthaíodh Staighre Searmanach iontach ar láithreán iar-halla léachta mar ghné lárnach den fhoirgneamh athchóirithe. Tá fuinneog ghloine daite ollásach mar phointe fócais an bhealaigh isteach. Tá an staighre nua déanta as fáibhile le painéil fháibhile thart timpeall air. Is í Evie Hone a chruthaigh an fhuinneog ghloine daite a bhí ar taispeáint mar chuid de Phailliún na hÉireann ag an Aonach Ceardaíochta Domhanda i Nua Eabhrac i 1939. Tugtar “Na Ceithre Pháirc Ghlasa Liom” air. Seasann sé do cheithre Chúige na hÉireann: Trí Choróin na Mumhan, Lámh Dearg Ulaidh, Cláirseach Laighean agus an t-iolar leathshínte, agus an Cláiomh a sheasann do Chonnacht. Dhear an t-ealaíontóir Éireannach Mary Fitzgerald an brat urláir a théann leis an bhfuinneog agus bhí sé lámhdhéanta ag V’Soske –Joyce ó Ghailimh.

## SAOTHAIR EALAÍONA

Tá ealaíona comhaimseartha na hÉireann ar taispeáint ar fud an fhoirgnimh.

## SEOMRA COMHDHÁLA SEICEAMAIR

Is ó na haonaid bhoird agus na taobh-aonaid atá déanta as seiceamar le hinleagadh d'adhmaid iúir a fhaigheann an seomra seo, deartha agus déanta ag Eric Pierse ó Chorcaigh, a ainm. Is ceann amháin de na ceithre sheomra comhdhála atá san fhoirgneamh é. Tá lámha na dtaobh-aonad déanta as dair dhubh.

## OIFIG AN TAOISIGH

Tá suntasacht ag baint leis na painéil bhalla in Oifig an Taoisigh toisc gur as dair na hÉireann atá siad déanta. Tugann an bun cuarach nó an cúlbhá, atá déanta as painéil sholadacha daracha chomh maith, aitheantas do cheardaíocht na saor adhmaid agus na siúinéirí ó Gem Joinery, Co. Longfoirt.

Rinne an tIodálach Bossi, a d'oibrigh in Éirinn san 18ú céad, an tinteán. Is obair inlithé mharmair atá ann, próiseas inar meileadh an marmar go púdar, agus dathaíodh agus inleagadh sa mharmair oearrtha de réir dearaidh speisialta é.





## DORCHLA AN TAOISIGH

Dealbhóireacht lárnach le hOisín Kelly, "Clann Lir".

## SEOMRA COMHDHÁLA (308)

Bhíodh an leabharlann sa seomra seo. Dhear Oifig na nOibreacha Poiblí na boird fháibhile.

## SEOMRA COMHDHÁLA (301)

Tá painéil fháibhile curtha ar na ballaí. Tá foirm an bhoird, atá déanta as fuinseog, le feiceáil i ndearadh na síleála. Tá cláirseach phráis, siombail Stát na hÉireann, inleagtha i lár an bhoird. Is macasamhail den bhunfoirm a d'eisigh Oifig an Phríomh-Arait é agus is saothar de chuid Eric Pearse é. Tá na taobh-aonaid déanta as fuinseog freisin, ag teacht leis an mbord chomh maith. Tá an áit go léir sreangaithe ionas go gcloisfear Clog na Dála. Buailéann sé ar feadh seacht nóiméad chun dóthain ama a thabhairt do na Teachtaí teacht chuig an Dáil toisc go ndúntar doirse an tseomra ar bhail na Parlaiminte (na Teachtaí Dála) ansin sula gcaitear vóta.

## AN SEOMRA IODÁLACH

Seomra comhdhála/seomra bia sa stíl Iodálach. Tá codarsnacht shuntasach agus éifeachtach idir an feistiú anseo, sa seomra agus sa dorchla a théann chuig an seomra araon, agus an chuid eile den fhoirgneamh. Tá dathanna spleodracha le feiceáil anseo in áit na ndathanna neodracha a fheictear sa chuid eile den fhoirgneamh.

Rinne Tileworks, cuideachta bheag lonnaithe i mBaile Átha Cliath, an bord ornáideach déanta as tileanna.

## SEOMRA COMH-AIREACHTA

Is sa seomra seo a rinneadh na cinntí is tábhachtaí ag an Rialtas ón mbliain 1922. Glaotar Seomra na Comhairle air go minic toisc gurb é an Chomhairle Fheidhmiúcháin an t-ainm a tugadh ar an Rialtas roimh Bhunreacht 1937. Tá roinnt de na ceannairí agus de na haitirí ab fhearr againn sa Náisiún le feiceáil sna portráidí ar na ballaí. Tá roinnt déantúsán tábhachtach ar taispeáint i gcaibinéid freisin, ina n-áirítear tacar de Reachtanna na hÉireann ón 18ú céad agus clúdaigh iontacha leathair dheairg agus ór-ghréasaithe orthu.



# TROSCÁN NA COMH-AIREACHTA

Bhí troscán nua sheomra na comh-aireachta coimisiúnaithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí in 2004 chun an teicneolaíocht is déanaí don Chomh-aireacht Leictreonach a thabhairt isteach.

## AN BORD

Dhear Michael Bell Design (Co. Laoise) an bord nua Comh-aireachta agus rinne Fitzgerald Furniture, atá lonnaithe i gCeannanas, é. Tá sé déanta as foirbeacha gallchnó na hÉireann (an painéal lárnach agus an banda dorcha timpeall an imill), gallchnó Eorpach (an t-adhmad atá níos gile) le stialladh éabainn, inleagadh práis agus traic chré-umha phaitheanaithe ann a thugann áit do phoill na teicneolaíochta ionas go mbeidh siad faoi cheilt. Tá cruth nuálach an bhoird deartha chun go mbeidh na línte radhairc is fearr agus an t-uasmhéid suíochán sa seomra.

## CATHAOIREACHA

Dhear Michael Bell Design na cathaoireacha agus bhí siad lámhdhéanta ag an gceardaí Michael Smith ó Fitzgerald Furniture. Tá an dearadh sainiúil agus casta agus is ar éigean go bhfuil líne dhíreach ar bith le feiceáil orthu, rud a chiallaíonn go raibh dúshlán ar leithligh ag baint le hobair an cheardaí. Tá 88 píosa de ghallchnó i ngach cathaoir agus obair láimhe faoi leith déanta ar gach ceann acu. Tá cúil arda ar na cathaoireacha agus an painéal cúil déanta as foirbeacha gallchnó agus clúdaithe le leather craicinn dubh.

## LÉACHTÁN

Dhear Micheal Bell Design an léachtán. Úsáidtear é chun cur i láthair a dhéanamh don Chomhaireacht. Rinne Verena Meyer ó Michael Bell Design é agus cuireadh bailchríoch d'fhoirbeacha gallchnó na hÉireann cuimilte agus le laicear air.

## TAOBH-CHAIBINÉID

Dhear Michael Bell Design na taobh-chaibinéid agus is iad Fitzgerald Furniture ó Ceannanas a rinne iad.



## TURAIS

Cuirtear turais ar siúl nach mór gach Satharn agus is féidir ticéid le ham áirithe orthu a bhailiú saor in aisce ón nGailearaí Náisiúnta ar Chearnóg Mhuirfean ó 10r.n.

D'fhéadfadh go gcuirfí turais ar ceal ar ghearrfhógra de bharr gnó rialtais. Chun eolas cothrom le dáta a fháil, féach ar láithreán gréasáin na Roinne, áit a chuirtear turas fíorúil ar fáil.

[www.gov.ie/taoiseach](http://www.gov.ie/taoiseach)